



EirGrid.ie

Tionscadal Idirnasctha 400 kV Thuaidh-Theas

Deireadh Fómhair 2023



Réamhrá

Is cábla leictreachais lasnairde 400 kV nua é an tIdirnascaire Thuaidh-Theas a nascann na heangacha leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann.

Tá an tIdirnascaire Thuaidh-Theas ag teastáil chun slándáil agus iontaofacht an tsoláthair leictreachais ar fud oileán na hÉireann a fheabhsú. Cabhróidh sé freisin le héifeachtúlacht an chórais leictreachais a fheabhsú, costais a laghdú agus ar deireadh thiar airgead a shábháil don úsáideoir deiridh, an custaiméir leictreachais.

Éascóidh cumas méadaithe sa nasc idir ár líonraí ceangal giniúna leictreachais níos in-athnuaite leis an eangach. Tá sé seo riachtanach chun spriocanna gníomhaíochta aeráide an Rialtais a bhaint amach a bhfuil sé mar aidhm acu suas le 80% dár leictreachas a bheith á sholáthar ag fuinneamh in-athnuaite in 2030. Má dhéantar é seo, méadófar ár neamhspleáchas fuinnimh freisin, trínár spleáchas ar bhreosláí iontaise allmhairithe amhail ola agus gás nádúrtha a laghdú.

Cuirfidh sé leas áitiúil ar fáil freisin do mhuintir an oirthuaiscirt trí mhéadú a dhéanamh ar acmhainn na heangái leictreachais sa réigiún a chabhróidh le hinfheistíocht isteach agus poist a mhealladh.

Tá EirGrid i dteagmháil anois le húinéirí talún a bheidh mar óstach ar bhonneagar maidir le pacáistí cúitimh ghaolmhara. Rachfar i gcomhairle leo siúd atá laistigh de 200 méadar den líne freisin maidir le híocaíochtaí cóngarachta.

Scála íocaíochta cóngarachta do chábla leictreachais lasnairde 400 kV

Fad an Bhaile		
50m	125m	200m
€30,000	€17,500	€5,000

Buntáistí an Idirnascaire Thuaidh-Theas



Eacnamaíoch

Rannchuidiú leis an ngeilleagar réigiúnach agus tacú le hinfheistíocht mhéadaithe sa cheantar



Pobal

Sochar pobail a chur ar fáil sna ceantair a éascaíonn bonneagar an tionscadail



Comórtas

Brú anuas a chur ar chostas an leictreachais



Inbhuanaitheacht

Cabhrú le hÉirinn aistriú chuig todhchaí fuinnimh ísealcharbóin



Slándáil an tSoláthair

Feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair leictreachais ar fud oileán na hÉireann



Nuashonrú Tionscadail

Athbhreithniú Rialtais

Bhí an tionscadal seo ina ábhar do roinnt athbhreithnithe neamhspleácha agus tá aitheantas tugtha ag EirGrid don athbhreithniú is déanaí ar an Idirnascaire Thuaidh-Theas, a d'fhoilsigh an Rialtas. Glacann an t-athbhreithniú seo le torthaí tuarascálacha roimhe seo lena n-áirítear Coimisiún Saineolaithe 2018 a thug le fios gur cheart don Idirnascaire Thuaidh-Theas dul ar aghaidh mar a bhí beartaithe mar líne lasnairde.

Toisc go bhfuil cead pleanála iomlán ag an tionscadal in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann rachaidh sé ar aghaidh anois go dtí an chéad chéim eile den tionscadal.

Soláthar


Bhí EirGrid, mar Oibreoir Córais Tarchuir na heangaí leictreachais, freagrach as cead pleanála a fháil don Idirnascaire Thuaidh-Theas, agus tá ESB Networks freagrach as dearadh agus tógáil mionsonraithe an tionscadail.

Tá creatchonradh bronnta ag ESB Networks chun túir a sholáthar don idirnascaire agus tá tairiscintí eisithe acu chun comhpháirteanna uile na líne lasnairde eile agus na hoibreacha sibhialta a sholáthar don chlós stórála.

Eisíodh an príomhchreat tairisceana tógála freisin agus táthar ag súil go mbronnfar é sna míonna amach romhainn.

Tá ESB Networks agus NIE Networks tar éis tollphoill imscrúdaithe láithreáin, suirbhéanna comhshaoilagus teicniúla a dhéanamh ag roinnt láithreacha túir feadh an bhealaigh chun faisnéis a bhailiú le haghaidh chéim na tógála, chun comhlíonadh an chead pleanála ceadaithe a chinntiú.





Amlíne an Tionscadail Idirnasctha Thuidh-Theas 400 kV



Cad atá tarlaithe go dtí seo, cá bhfuil muid anois agus na chéad chéimeanna eile

2008 - 2010

- Sainithníodh an gá atá le hIdirnascaire Thuidh-Theas 400 kV (NSI)
- Conairí bealaigh sainithe
- Foilsíonn rialtas na hÉireann tuarascáil ECOFYS a thacaíonn le húsáid na teicneolaíochta líne lasnairde (OHL)
- Iarratas pleanála tosaigh curtha isteach ach tarraingíodh siar é in 2010

2014 - 2016

- Foilsíonn EirGrid an togra deiridh maidir le dearadh na líne
- Iarratas pleanála curtha faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí an Mheithimh 2015
- Thug an Bord Pleanála faoi éisteacht ó bhéal 12 seachtaine ó Mhárta go Meitheamh 2016
- Bhronn an Bord Pleanála faomhadh pleanála i mí na Nollag 2016

2020-2022

- Deonaíodh cead pleanála i dTuaisceart Éireann i mí Mheán Fómhair 2020
- Bhí cinneadh pleanála ina ábhar d'athbhreithniú breithiúnach don Ard-Chúirt a diúltaíodh dó i mí Dheireadh Fómhair 2021
- Achomharc chun na Cúirte Achomhairc a diúltaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2022

2024 - 2027

- Rannpháirtíocht iomlán le húinéirí talún, pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara feadh an bhealaigh
- Tá sé beartaithe tús a chur leis an tógáil in 2024 agus is dócha go dtógfaidh sé trí bliana
- Fóraim phobail le bunú
- Ciste Leasa Pobail seolta

2011 - 2013

- Bhunaigh Rialtas na hÉireann Coimisiún Saineolaithe Idirnáisiúnta (IEC) chun scrúdú a dhéanamh ar leagan faoin talamh
- Molann tuarascáil rialtais an IEC nach n-úsáidtear cábla faoi thalamh le haghaidh NSI
- Foilsíonn an Rialtas beartas a mholann úsáid ghnóthachan pobail do thionscadail líneacha áirgiúlachta
- Eisíonn EirGrid tuarascáil deiridh athmheasúnaithe agus an réiteach tionscadail is fearr

2017 - 2019

- Bhí cinneadh pleanála ina ábhar do 3 athbhreithniú breithiúnach don Ard-Chúirt
- Diúltaíodh do na himeachtaí go léir ina dhiaidh sin i mí Lúnasa 2017
- Ceapann Rialtas na hÉireann Painéal Saineolaithe Idirnáisiúnta (IEP) chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar staidéir cháblaí faoi thalamh roimhe seo agus chun cúiteamh úinéirí talún a scrúdú
- Molann IEP teicneolaíocht OHL mar an réiteach is fearr don NSI agus tugann sé dá aire go bhfuil cúiteamh in Éirinn ar cheann de na cinn is airde san Eoraip
- Diúltaíodh d'Achomharc chun na Cúirte Uachtaraí i mí Feabhra 2019

2023

- Déanann ESB Networks soláthar chun ábhair túir agus an príomhchonradh tógála a sholáthar
- Déanann ESB agus NIE Networks suirbhéanna ar thollphoill ar 80 láithreán túir randamacha feadh an bhealaigh
- Foilsíonn Rialtas na hÉireann tuarascáil faoi thalamh a thacaíonn le conclúidí roimhe seo ar úsáid na teicneolaíochta líne lasnairde
- Tá EirGrid i dteagmháil anois le húinéirí talún a bheidh mar óstach ar bhonneagar maidir le pacáistí cúitimh ghaolmhara. Rachfar i gcomhairle leo siúd atá laistigh de 200 méadar den líne freisin maidir le hiocaíochtaí cóngarachta

Fóraim Phobail

Bunaíonn EirGrid fóraim phobail ar gach tionscadal bonneagair straitéisigh. Agus an tionscadal Idirnascaire Thuaidh-Theas ag bogadh go dtí an chéim tógála anois, bunóidh EirGrid dhá fhóram feadh an bhealaigh a sholáthróidh idirphlé oscailte le foireann an tionscadail chun nuashonruithe rialta a chinntiú do phobail.

Rachaidh na fóraim seo i dteagmháil le EirGrid ar phríomhfhorbairtí tionscadail ar nós:

- conas a dhéanaimid cumarsáid agus conas a dhéanaimid teagmháil leis an bpobal chun nuashonruithe tionscadail a roinnt;
- cad is gá dúinn a bhreithniú agus an tionscadal á fhorbairt; agus
- conas is féidir linn tairbhe fhiúntach pobail a chur ar fáil don cheantar ina bhfuil ár n-infreastruchtúr á óstáil.

Feidhmeoidh na fóraim seo, a mbeidh éascaitheoirí neamhspleácha ina gCathaoirleach orthu, mar chomhlachtaí comhairliúcháin agus ní ghlacfaidh siad ionad aon rannpháirtíochta agus comhairliúcháin eile a dhéanaimid.

Rachaidh EirGrid i mbun idirchaidrimh leis na páirtithe leasmhara go léir sna míonna amach romhainn agus déanfaidh óstáil ar sheimineáir ghréasáin chun tuilleadh sonraí a roinnt ar na fóraim phobail agus ar an gciste leasa pobail.

Chun do spéis a chur in iúl i gceann de na fóraim phobail don tionscadal seo, **scanadh an cód QR** chun an fhoirm Léirithe Suime a chomhlánú.



SCAN ANSEO

Tabharfaidh EirGrid cuairt ar phobail sa Chabhán agus i Muineachán lenár Seó Bóthair Fuinnimh do Shaoránaigh i mí na Samhna 2023, i gcomhar le ESB Networks, an SEAI, agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha.



Áiríonn an t-imeacht seo go leor taispeántóirí áitiúla a thaispeánann an t-eolas is déanaí faoi uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh tí, agus ina dhiaidh sin beidh plé painéil ag cur pobail áitiúla ar an eolas faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag EirGrid an eangach leictreachais a chosaint don todhchaí. Beidh ESB Networks ar fáil freisin chun cur síos a dhéanamh ar a ról maidir le micrighiniúint a nascadh, agus cuirfidh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) comhairle ar fáil maidir le huasghráduithe fuinnimh tí agus deontais iarfheistithe.

Dátaí agus ionaid do Sheónna Bóthair do Shaoránaigh Fuinnimh



MUINEACHÁN

15 Samhain
6.30 p.m. - 8.30 p.m

Óstán Glencarn
Baile na Lorgan
Co. Mhuineacháin



AN CÁBHÁN

22 Samhain
6.30 p.m. - 8.30 p.m

Óstán Kilmore
Coill an Gharraí
Co. an Chabháin



Cistí Leasa Pobail

Aithnímid an tábhacht a bhaineann le pobail agus gnólachtaí áitiúla a éascaíonn uasghrádú an ghréasáin tarchurtha leictreachais. Agus an tldirnascaire Thuaidh-Theas 400 kV á thógáil, oibreoidimid chun tacú le pobail mar chuid dár mbeartas leasa pobail.

Cuirfear ciste tiomnaithe don Tionscadal Idirnasctha Thuaidh-Theas ar fáil chun sochair dhíreacha a sholáthar do na pobail is cóngaraí don chábla. Tacaíonn an ciste seo, atá comhréireach le scála an tionscadail, le grúpaí pobail áitiúla, le frontair sheachbhrabúsacha agus shóisialta atá ag soláthar seirbhísí, gníomhaíochtaí agus áiseanna ar mhaithe le leas a bpobal.

Is í an chéad chéim ná riarthóir ciste leasa pobail neamhspleách a cheapadh a oibreoidh leis an bhFóram Idirnasctha Thuaidh-Theas agus le EirGrid chun straitéis leasa pobail a fhorbairt a chinnteoidh cur chuige ón mbun aníos chun tionscadail a sheachadadh a dtugann an pobal agus don phobal tosaíocht dóibh.

Scaoilfear an ciste ina dhiaidh sin i dtrí chéim, a bheidh i gcomhréir le forbairt an bhonneagair:

Céim	Céatadán an mhaoinithe a scaoileadh
1. Tógáil	40%
2. Suiteáil Cábla	30%
3. Fuinneamh	30%

Éileoidh critéir an chiste leasa pobail go ndéanfaí tionscadail a ailíniú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA agus ní mór go leagfar amach conas a chuidíonn do thogra le baint amach na spriocanna i do phobal. Oibreoidh an riarthóir neamhspleách cistí le pobail agus eagraíochtaí chun a gcuid tionscadal a fhorbairt.

I measc samplaí de thionscadail a maoiníodh i réimsí eile tionscadail tá:

- Réitigh fuinnimh inbhuanaithe a shuiteáil chun linn snámha poiblí lasmuigh a théamh.
- Maoiniú chun féile cheoil phobail de chuid Comhaltas a sheachadadh; lena n-áirítear máistir-ranganna, comórtais agus ceolchoirm.
- Athchóiriú halla pobail agus caomhnú fuinneoga gloine dhaite stairiúla.



Cé hiad EirGrid agus cad a dhéanaimid?

Déanann EirGrid eangach leictreachais na hÉireann a fhorbairt, a bhainistiú agus a oibriú.

Táimid chun tosaigh ar aistriú slán eangach leictreachais na hÉireann chuig toadhcháí ísealcharbóin in-athnuaite. Táimid freagrach as soláthar leictreachais na hÉireann, atá sábháilte, slán agus iontaofa.

Tugann an eangach cumhacht ón áit a ngintear í go dtí an áit a bhfuil sí ag teastáil ar fud na hÉireann. Soláthraíonn sí cumhacht go díreach do thionscal agus do ghnólaigh a úsáideann méideanna móra leictreachais. Chomh maith leis sin, tugann an eangach cumhacht ó ghineadóirí go dtí an líonra baile a sholáthraíonn an leictreachas a úsáidtear gach lá i dtithe, i ghnólaigh, i scoileanna agus in ospidéal.

Go hachomair, déanaimid cinnte de go bhfuil cumhacht ag gach duine nuair a bhíonn sé de dhíth orthu ar an bpraghas is eacnamaí agus is féidir.

Tá an bonneagar criticiúil sin mar bhonn agus mar thaca lenár bhforbairt shochoíoch agus eacnamaíoch. Cuideoidh an obair a dhéantar anois le toadhcháí níos inbhuanaithe a chruthú don chéad ghlúin eile.



An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath, 4D04 FW28
01 627 1700 | EirGrid.ie



www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856